

# FORBAIRT BÓTHAIR N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA NUACHTLITIR - UIMH. 8

Meitheamh 2022

## FÁILTE ROIMH AN 8Ú EAGRÁN DEN NUACHTLITIR

**Nuachtlitir uimh. 7 ar an 30 Márta 2022 agus ó shin i leith tá dul chun cinn suntasach déanta.**

**I gCuid 1 ó Bhóthar Chill na Martra siar, seo a leanas cuid de na hoibreacha atá curtha i gcrích:**

- Tochlaíodh 70,000 méadar ciúbach de charraig ó Ghearradh 1 ar an Sliabh Riabhach le linn mhí na Bealtaine 2022 féin agus tá pléascadh carraige críochnaithe anois ar fud an tionscadail ar fad. Is cloch mhíle an-suntasach é seo atá bainte amach agus táimid thar a bheith buíoch as an gcomhoibriú a fuairamar ó úinéirí talún agus ó líonta tí le linn na pléasctha carraige. Chabhraigh sé seo linn an chéim dhúshlánach seo den obair a thabhairt chun críche gan aon mhoill ró-mhór.
- Tá tús curtha leis an obair ar atreorú na hAbhann Gharbh i nDoire na Sagart. Tá sé seo ag teastáil chun éascú a dhéanamh ar nasc bóthair áitiúil chuig an timpeallán nua theas a thógáil, nasc atá mar chuid d'Acomhal Bhaile Bhuirne. Ní mór na hoibreacha insrutha seo a chríochnú laistigh den séasúr cuí agus mar sin tá oibreacha á gcur ar aghaidh go mear.
- Tá oibreacha draenála á gcur isteach ag Acomhal Bhaile Bhuirne agus gach rith uisce dromchla ón mbóthar nua á scaoileadh isteach i linnte tanúcháin sula scaoiltear ar ais sna sruthchúrsaí áitiúla é.
- Tá oibreacha críochnúcháin ar bun chomh maith ar na struchtúir éagsúla ar an taobh thiar den scéim ar an Sliabh Riabhach.
- Tá tús curtha leis an obair ar an droichead is airde ar an scéim, droichead cóiríochta atá á chur ar fáil ag barr an tSléibhe Riabhaigh ar mhaithe le beirt úinéirí talún áitiúla. Is struchtúr áirseach é an droichead seo agus tá na háirsí coincreíte réamhtheilgthe á dtógáil ar an láthair faoi láthair.
- Tá Bóthar Áitiúil Thonn Láin leathroinnte ag ailíniú nua an N22 rud a dhéanann cul-de-sac as an taobh theas de. Tá bóthar nua comhthreomhar tógtha a thaistealaíonn faoin N22 nua agus a chasann ar dheis chun nasc a dhéanamh le Seanbhóthar Áitiúil Thonn Láin ag pointe ar an dtaobh thuaidh den N22 nua. Tá níos mó ná 600 méadar de phábháil bóthair nua tógtha, rud atá ina fheabhsú suntasach ar an mbunbhóthar a bhí ann. Bhí an bóthar nua seo oscailte do thrácht ghinearálta ar an Aoine 27 Bealtaine 2022.
- Tá achar suntasach carraige le tochaílt ag Cúil an Bhuacaigh, i gceantar ar a dtugtar 'Gearradh 6' sa scéim. Baintear carraig amach anseo trí bhriseadh carraige, rud atá ar siúl le roinnt míonna anois. Tá an briseadh carraige seo beagnach críochnaithe faoin tráth seo.
- Tá droichead nua tógtha thar bhóthar cul-de-sac ciúin i gCúil an Bhuacaigh, Bóthar Uimh. L-92240. Tá dul chun cinn maith déanta ar an droichead faoin tráth seo agus tá áis trasnaithe do bhólacht ann don úinéir talún áitiúil.
- An droichead thar an mbóthar go Cill na Martra (L-3402), ar a dtugtar 'S14' sa scéim, tógtha le míonna beaga anuas, agus bíomáí an droichead curtha i bhfearas ar an Máirt 31 Bealtaine 2022. Ba chloch mhíle eile é seo sa mhéid is gurb iad na bíomáí droichead dheirneacha ar ghá iad a chur thar bóthar poiblí ar an tionscadal.



An Sliabh Riabhach



Tonn Láin

### Ag féachaint chun cinn agus cad a d'fhéadfaí a bhaint amach i mí Iúil agus Lúnasa:

Tá súil againn an t-atreorú ar An Abha Gharbh a thabhairt chun críche ionas gur féidir tús a chur le hoibreacha ar thógáil an naisc bhóthair áitiúil leis an Timpeallán Theas. Tá sé beartaithe tógáil an timpealláin ar an N22 atá ann cheana féin ag an Tonn Láin a chríochnú agus a bheidh mar chuid den acomhal leis an N22 nua a fhreastalóidh ar Bhaile Bhuirne, Baile Mhic Íre, Cluain Droichead agus na ceantair máguaird. Leanfar den obair ar shuiteáil draenála agus duchtaithe ar an bpríomhline.



An Roinn Iompair  
Department of Transport



Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
2040

TIIV  
Bonnagar Iompair Éireann  
Transport Infrastructure Ireland



M  
MOTT  
MACDONALD

GONS JCL

BARRY  
TRANSPORTATION



# N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA

**I 'Cuid 3', ó Chúil Chomhair san oirthear, go Bóthar Chill na Martra , tá achoimre anseo a leanas ar roinnt de na príomhghníomhaíochtaí a bhí ar siúl le linn Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh:**

- Tá an príomh-aillíniú nua á thógáil le bealaí draenála ar gach taobh den bhóthar nua. Cuireadh tús le hoibreacha ar na bealaí draenála coincréite seo ar 1 Aibreán , le thart ar 14km suiteáilte go dtí seo.
- Críochnaíodh suiteáil an ghréasáin draenála faoi thalamh chun rith uisce dromchla a thógáil ón mbóthar nua agus é a scaoileadh chuig na linnte tanúcháin éagsúla, ó Chúil Chomhair go Carraig an Phúca, agus tá obair ag leanúint ar aghaidh siar i dtreo Bhóthar Chill na Martra.
- Tá sraitheanna de charraig bhrúite ar a dtugtar Barrchaidhp agus Fobhonn á leagan roimh bhonn an bhóthair don bhóthar nua. Tá dul chun cinn déanta ar thógáil na sraitheanna seo ó Chúil Chomhair go Carraig an Phúca, agus iompraíodh breis agus 120,000 tona d'ábhar i 5600+ ualach agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh air.
- Tugtar Ábhar Gráinneach de Cheangal Stroighne (CBGM) ar bhonn an bhóthair don phábháil nua bóthair. Tá dul chun cinn maith déanta ar leagan an ábhair seo, agus breis is 20,000 méadar ciúbach (os cionn 45,000 Tona) leagtha síos go dtí seo.
- Tá an chuid is mó de na créfoirt agus an bharrithir críochnaithe an bealach ar fad go dtí Bóthar Chill na Martra, rud a thugann cuma chríochnaithe ar chlaifóirt an bhóthair.
- Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha ar Nascbhóthar Chúil Chomhair Siar, Nascbhóthar Chúil Chomhair Soir & Timpeallán Chúil Chomhair faoi bhainistíocht tráchta ar an N22 atá ann cheana mar aon le bóthar atreoraithe sealadach nua. Tá seirbhísí faoi thalamh curtha ar atreo go buan agus tá pábháil an bhóthair nua á thógáil. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag an ngné seo de na hoibreacha orthu siúd a bhíonn ag taisteal tríd an áit agus táthar an-chúramach le dearadh na gcéimeanna éagsúla den obair seo, chun an tionchar ar shreabhadh tráchta ar an N22 atá ann cheana a choimeád chomh híseal agus is féidir. Mar thoradh ar na míonna fada de chomhairliúchán agus de chomhordú le hÚdarás an Gharda Síochána agus le hOifig an Innealtóra Cheantair áitiúil seachnaíodh aon tionchar suntasach ar úsáideoirí an N22 go dtí seo.



Chúil Chomhair

- Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar oibreacha feabhsúcháin ar na limistéir sealadacha stórála ithreach, agus tá roinnt láithreacha ag druidim le bheith críochnaithe. Chabhraigh an aimsir thirim le déanaí go mór linn é seo a dhéanamh.
- Tá tús curtha le suiteáil ar bhacainn shrianta d'fheithiclí ag ceann thoir an tionscadail agus tá an obair seo ag dul ar aghaidh i dtreo an iarthair.
- Cuireadh tús le déanaí le líonadh na gciumhais, atá mar chéim críochnaithe na n-oibreacha príomhlíne.
- Tá colbhaí, cosáin agus soláthar bacainní ar struchtúir curtha i gcrích den chuid is mó, agus na bailchríocha deiridh á gcur i bhfeidhm.
- Tá feistiú buanfhálú chun teorainneacha an bhóthair nua a mharcáil ar bhóithre cliathánacha, an phríomhlíne agus acomhail ag cur béime ar chruth an bhóthair nua sna ceantair seo.
- Tá roinnt Bacainní Timpeallachta maidir le laghdú torainn á gcur ar fáil mar chuid den scéim agus tá an bhunsraith le haghaidh cuid acu seo curtha isteach ag an bpointe seo.

## **Ag féachaint chun cinn agus cad a d'fhéadfaí a bhaint amach i mí Iúil agus Lúnasa i gCuid 3:**

Faoi láthair tá sé mar sprioc againn an draenáil bóthair don ailíniú nua a bheith críochnaithe faoi thús Lúnasa. Leanfaimid ag suiteáil an bhacainn chiumhaise agus tá súil againn ráta suiteála 1,000 méadar líneach/seachtain a bhaint amach. Tá sé mar sprioc againn an tSraith Barrchaidhpe agus na sraitheanna Fobhoinn den bhóthar nua a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh Lúnasa. Tá súil againn an bealach draenála a chríochnú go luath i mí Lúnasa agus bonn an bhóthair a bheith críochnaithe faoi lár mhí Mheán Fómhair. Cuirfear tús chomh maith le comharthaí a chur suas i mí Lúnasa. Cuirfear tús le leagan an chúrsa deiridh caithimh i gCúil Chomhair ó Lár Lúnasa agus leanfar ar aghaidh leis siar fan bhóthair. Tosóidh an mharcáil líne go déanach i mí Lúnasa nó i mí Mheán Fómhair, agus tá sé beartaithe tosú ar bhacainn mheánaigh i lár mhí Mheán Fómhair. Sna míonna amach romhainn tá súil againn an barrithir deiridh ar chiumhaiseanna timpeall struchtúir agus íosbhealaí a chríochnú.

Faoi dheireadh Lúnasa tá súil againn na hoibreacha sibhialta troma go léir a bheith críochnaithe agus an bhéim ag an bpointe sin ag athrú go bailchríocha agus oibreacha deiridh don aistriú.



Baile Uí Bhoráin

## **CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN:**

**R-PHOS**

[INFO@N22BBM.IE](mailto:INFO@N22BBM.IE)

**TEILEAFÓN**

**087 458 1555**

FREAGRÓFAR LE LINN GNÁTH UAIREANTA  
OIFIGE, NÓ FÁG TEACHTAIREACHT

**SUÍOMH**

[WWW.N22BBM.IE](http://WWW.N22BBM.IE)

**SEOLADH**

Oifigí Láithreáin N22 BBM,  
Bóthar Shráid an Mhuilinn,  
Maigh Chromtha,  
P12 VX03